ELeathanach89

Dé Luain 3 Deireadh Fomhair 2011

X-Factor

Tá ag éirí go hiontach le Janet Devlin ó Chontae Thír Eoghain ar X Factor. Tá Kelly Rowland ag obair léi ar an gclár. Níor éirigh le Melanie McCabe ó Bhaile Átha Cliath áit a fháil ar an seó beo áfach.

Tá an seó beo ag tosú Dé Sathairn seo chugainn. Tá ceathrar roghnaithe ag Louis Walsh, Kelly Rowland agus Gary Barlow don seó beo. Bhí Sinitta, Robbie Williams agus Jennifer Hudson ag cabhrú leo na hamhránaithe is fearr a roghnú.

Chabhraigh an t-amhránaí Jessie J le Tulisa ceithre ghrúpa a roghnú don seó beo. Ceapann Tulisa go mbeidh an bua aici! Go n-éirí leat Janet ón Eleathanach!

An bua ag Éirinn!

D'imir foireann rugbaí na hÉireann i gcoinne fhoireann rugbaí na hIodáile Dé Domhnaigh. Bhí an cluiche ar siúl i Staid Otago i nDunedin sa Nua-Shéalainn.

Scóráil Keith Earls dhá úd sa dara leath. Bhí Earls 24 bliain d'aois Dé Domhnaigh. D'éirigh le Brian O' Driscoll úd a fháil sa dara leath chomh maith.

Ba é Seán Ó Brien laoch na himeartha. Is as Contae Cheatharlach é. Bhí lucht tacaíochta den chéad scoth ag Éirinn.

Tá Éire agus an Bhreatain Bheag ag imirt in aghaidh a chéile sa chluiche ceathrú ceannais Dé Sathairn seo chugainn.

Rihanna san O_2!

Beidh Rihanna ag canadh san O_2 anocht i mBaile Átha Cliath. Bhí sí i dTuaisceart Éireann an tseachtain seo caite ag obair ar a físeán nua 'We found love.'

Níl Rihanna ach 23 bliain d'aois ach tá ag éirí go hiontach léi. Bhog sí ó Bharbadós nuair a bhí sí 16 bliain d'aois agus chuaigh sí go Meiriceá.

Tá sí an-chairdiúil le Katie Perry agus tá cáil ar a hamhrán 'Umbrella.' Tá níos mó ná 20 milliún albam díolta ag Rihanna agus 60 milliún singil.

Beidh ceolchoirm ag Rihanna san 0_2 i Londain chomh maith. Beidh sí ag canadh ann ar 5 agus 6 Deireadh Fómhair 2011. Beidh Calvin Harris ag canadh léi i Londain.

Theo Wargo, Getty Images

The Apprentice

Tá 'The Apprentice' ag tosú arís ar RTÉ 2 anocht ag a 9. Gheobhaidh an buaiteoir duais de 200,000 euro.

Beidh an buaiteoir agus Bill Cullen ag obair le chéile. Beidh 16 dhuine ar an gclár. Beidh duine amháin ag dul abhaile anocht!

FROEBEL College of Education

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel, Sion Hill, An Charraig Dhubh, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

European Language Label